

# Fáilte!

## Logáil Isteach: 9:15am


Sula dtosaímid an lá, b'fhéidir gur mhaith leat na rudaí seo a leanas a bheith in aice láimhe…


















**Cliceáil ar an nasc sa CHAT lena n-ioslódáil**


# Chun go n-éireoidh leis an imeacht seo do gach éinne inniu



**Nasc**



**Caint**



**Comhrá**

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seirbhís Tacaíochta nua de chuid na Roinne Oideachais
1 Meán Fómhair 2023

# Seirbhís Tacaíochta Nua

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

- Stiúrthóir Rannáin – Teicneolaíocht Dhigiteach
- Stiúrthóir Rannáin – GaelAonad
- Stiúrthóir Rannáin – Ionduchtú do Mhúinteoirí, *Droichead*
- Stiúrthóir Rannáin – Bunscoil 1
- Stiúrthóir Rannáin – Bunscoil 2
- Stiúrthóir Rannáin – Iar-bhunscoil 1
- Stiúrthóir Rannáin – Iar-bhunscoil 2
- Stiúrthóir Ceannaireachta


Lárionad Ceannaireachta Scoile – CSL – Centre for School Leadership

NIPT – An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí – The National Induction Programme for Teachers

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí – Junior CYCLE for teachers

PDST – Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

www.oide.ie


1
2
Béarla
3
Iarratais/Cuir in áirithe
Oide
Teicneolaíocht Dhigiteach
Ionduchtú Droichead
Bunscoil
Iar-bhunscoil
Oideachas trí mheán na Gaeilge
Ceannaireacht
Ceol
Ag teacht go luath
Corpoideachas
Ag teacht go luath
An Pholaitíocht agus an tSochaí
Ag teacht go luath

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


# Nádúr Comhtháite Fhoghlaim an Cheoil

Eispéiris um Fhoghlaim Ghairmiúil


2023 –2024

CC BY NC


# Príomhdhoiciméid





Ceol Bunscoile Oideachas Ealaíon 1999




Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí 2017





Siollabas Ceoil na hArdteistiméireachta 1996





The Nature of Learning Using Research to Inspire Practice

# Nádúr na Foghlama




…The Nature of Learning, Using Research to Inspire Practice, OECD, lgh.6-7

- Naisc chothromán-acha a thógáil
- Nádúr sóisialta na foghlama
- Difríochtaí aonair a aithint
- Foghlaimeoirí sa chroílár
- Gach foghlaimeoir a fhorbairt
- Measúnú chun Foghlama
- Tá mothúcháin lárnach san fhoghlaim



# Nádúr Comhtháite Fhoghlaim an Cheoil


Curaclam na Bunscoile
Primary School Curriculum
Ceol
Oideachas Ealaíon

Foramharc

*Forbairt coincheap*

Coincheapa ceoil
- Tuiscint do bhuille
- Tuiscint do ré
- Tuiscint do luas
- Tuiscint do thuinairde
- Tuiscint do dhinimic
- Tuiscint do chomhdhéanamh
- Tuiscint do thondath
- Tuiscint d'uigeacht
- Tuiscint do stíl

*Tá na coincheapa ceoil thuas bunaithe ar na gnéithe ceoil agus déanfar forbairt orthu de réir mar a chríochnófar obair ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid churaclaim a léirítear thíos.*

| *...neanna* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Éisteacht agus freagairt | • Iniúchadh fuaimeanna<br>• Éisteacht le ceol agus freagairt dó |
| Léiriú | • Amhránaíocht<br>• Litearthacht<br>• Seinm uirlisí |
| Cumadóireacht | • Tobchumadh agus cruthú<br>• Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh |


Bunscoil


Ceol na Sraithe Sóisearaí

Fíor 3: Saintréith chomhtháite na snáitheanna agus na ngnéithe



Sóisearach


AN ROINN OIDEACHAIS DEPARTMENT OF EDUCATION

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

SIOLLABAS CEOIL
(ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL)

**1.4 Struchtúr**

Tá na trí ghníomhaíocht riachtanacha seo a leanas mar chuid de shiollabas ceoil na hArdteistiméireachta:

•Ceolchasadh

•Cumadóireacht

•Éisteacht

Roghnaíodh an struchtúr seo chun:

•béim a chur ar thábhacht foghlama gníomhaí in ionad foghlaim éighníomhach

•eispéireas atá cothrom go hiomlán a chur ar fáil, ina bhfuil béim leagtha ar chumas ceoil a chothú

Tá an struchtúr seo solúbtha freisin. Nuair atá tallann ar leith ag daltaí, tá siad in ann speisialtóireacht a dhéanamh faoin struchtúr seo agus is féidir leo suas go 50% dá gcuid oibre a dhéan... ...ceoil is fearr a oireann a dtallann.

**1.9 Conten...**

The Sylla... content is laid out as follows:



Sinsearach

# Ag foghlaim le chéile…

Oide

- cuirfimid lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus na scileanna a bhaineann le héisteacht, cumadóireacht agus taibhiú nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- fiosróimid straitéisí oideolaíocha chun cabhrú tuilleadh leis na scileanna éisteachta, cumadóireachta agus taibhithe sa seomra ceoil
- fiosróimid conas a chuireann nádúr comhtháite na héisteachta, na cumadóireachta agus an taibhléirithe le forbairt an cheoltóra iomláin


# Oideachas an Cheoil

Oide

*‘Modh ealaíne é ceol atá préamhaithe go domhain i nádúr an duine. Tugann sé deiseanna fadsaoil do chothú samhlaíochta, íogaireachta, cruthaitheachta, fiontraíochta agus taitnimh’*

*‘Cuireann ceol le forbairt na feasachta agus na tuisceana ealaíonta, féinléiriú, féinmhuinín, samhlaíocht agus íogaireacht ilchultúrtha, agus dá bhrí sin, le forbairt an duine ina iomláine’*

*‘Tá meas ar an gceol mar ghné ealaíne shoch-chultúrtha agus shóisialta a ghabhann thar constaicí teanga, creidimh agus cine’*





# Íoslódáil na Tacaí seo
















# Ag foghlaim le chéile…

Oide

- cuirfimid lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus an scil a bhaineann le hÉISTEACHT nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- fiosróimid straitéisí oideolaíocha chun cabhrú tuilleadh le scil na héisteachta trí thréimhsí stairiúla an cheoil a theagasc
- déanfaimid imscrúdú ar straitéis mholta maidir leis an gcaoi chun critéir ratha a chomhchruthú trí bhreithiúnas comparáideach a dhéanamh




# Bunscoil: Éisteacht le ceol agus freagairt dó


## Iniúchadh fuaimeanna

- Fuaimeanna sa timpeallacht
- Fuaimeanna gutha
- Cnagadh coirp
- Uirlisí ceoil

## Éisteacht le ceol agus freagairt dó

- Éisteacht a bhfuil cuspóir léi
- Raon leathan stíleanna
- Léirsmaoineamh a dhéanamh ar a c(h)uid oibre féin agus ar obair páistí eile
- Freagairt go samhlaíoch
- Gnéithe ceoil a aithint

…Curaclam Bunscoile, Ceol, lgh.68-69




Ceol na Sraithe Sóisearaí

# Sóisearach: Breithmheas agus Freagairt a Thabhairt

Oide

- Scileanna anailíse , comparáide agus measúnaithe
- Scileanna éisteachta: fonn, rithim, tionlacan agus armóin
- Eolas agus tuiscint ar ghnéithe, comhthéacsanna agus teanga an cheoil
- A mhothúcháin faoin gceol a chur in iúl
- Údar a thabhairt le tuairimí agus cinntí ceoil amach anseo
- A thaibhithe agus a chruthú féin a bheachtú agus a fheabhsú

…Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí lch.12





# Sinsearach: Éisteacht

## Croíchúrsa

- 4 shaothar dhualgais, Ceol Gaelach + Scileanna Éisteachta
- Tréithe Ceoil
- Stíl agus comhthéacs stairiúil
- Breitheanna Comparáideacha
- An chiall a mheas

## Roghnach

- Ábhar faoi shainstaidéar: Ceol Ealaíne, Comhaimseartha, Eithneach nó Traidisiúnta
- Iomlán ann féin
- Breitheanna Comparáideacha
- Bunábhar Cheoil
- Éisteacht diongbháilte
- Spreagadh pearsanta





…Siollabas Ceoil na hArdteistiméireachta, lch.11

# Contanam Fhoghlaim an Cheoil

Oide

Ciorclaigh / Aibhsigh / Cuir líne faoi / Ceangail **an t-EOLAS agus na SCILEANNA** a bhaineann le **hÉISTEACHT** a nasctar **tríd** an gcontanam seo







# Ag foghlaim le chéile…

Oide

- cuirfimid lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus an scil a bhaineann le hÉISTEACHT nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- fiosróimid straitéisí oideolaíocha chun cabhrú tuilleadh le scil na héisteachta trí thréimhsí stairiúla an cheoil a theagasc
- déanfaimid imscrúdú ar straitéis mholta maidir leis an gcaoi chun critéir ratha a chomhchruthú trí bhreithiúnas comparáideach a dhéanamh

# Tréimhsí Stairiúla an Cheoil



## Aonad Foghlama Samplach idir lámha: Tréimhsí Stairiúla Ceoil

**Fócas ar na Torthaí Foghlama**

1.14 **comparáid a dhéanamh idir píosaí ceoil atá comhchosúil de réir ré agus stíle le cumadóirí éagsúla ó thíortha éagsúla**

3.3 **staidéar a dhéanamh ar stíl** chomhaimseartha nó **stairiúil ceoil faoi leith**; anailís a dhéanamh ar a struchtúir agus a húsáid as gléasanna ceoil, agus cur síos a dhéanamh ar thionchar stíleanna eile uirthi

**Intinní Foghlama**

Táimid ag foghlaim chun…

- ár dtuiscint ar ghnéithe ceoil a dhoimhniú
- gnéithe de thréimhsí stairiúla éagsúla a iniúchadh
- cur síos a dhéanamh ar 3-4 gnéithe ceoil sa cheol a bhfuil mé ag éisteacht leis
- scil na comparáide a úsáid

**Fianaise ar Fhoghlaim – Tasc**

Déan comparáid idir dhá phíosa ceoil Rómánsach le cumadóirí éagsúla ó thíortha éagsúla. (Is féidir tagairt a dhéanamh d'ionstraimí, séis, dinimic, stíl agus/nó eile)

**Gníomhaíocht 3**

Déan cur síos ar 2-3 ghné den stíl a chloistear i *Symphonie Fantastique*. Cad iad an 2 stíl eile a ndéantar tagairt dóibh sa sliocht seo?

Gnéithe

1. ______________

2. ______________

3. ______________

Stíleanna

1. ______________

2. ______________

Hector Berlioz
*Symphonie Fantastique*
Gluaiseacht 5

Tréimhsí Stairiúla Ceoil


**Acmhainní Físe**

Pyotr Ilyich Tchaikovsky: Siansa uimh. 4, Gluaiseacht 4
The Arctic Philharmonic
Christian Lindberg
https://youtu.be/ClHz-w5sdE0

Hector Berlioz: *Symphonie Fantastique*, Gluaiseacht 5
Orchestre National de France
Leonard Bernstein
https://youtu.be/cao6WyF-61s


Chun críocha an lae inniu, breithnímis le chéile an t-aonad samplach seo den fhoghlaim idir lámha chun Tréimhsí Stairiúla an Cheoil a theagasc

Cad é an fhoghlaim atá ag croílár na torthaí foghlama seo?




# Taca Féideartha



















# Tréimhsí Stairiúla an Cheoil

Agus an taca seo á úsáid, déan cur síos ar 2-3 ghné den stíl a chloistear sa sliocht seo. Sainaithin an 2 stíl eile dá dtagraítear anseo






Nasc ar lch. 10 den leabhrán







# Straitéisí Oideolaíocha Tréimhsí Stairiúla an Cheoil a Theagasc

Sainaithin 1 straitéis oideolaíochta is mó a chabhródh le do chuid scoláirí agus iad ag foghlaim faoi thréimhsí stairiúla an cheoil

Roinn straitéis amháin eile a d'oibrigh duit i do sheomra ranga



Straitéisí Oideolaíochta le haghaidh ÉISTEACHTA sa Seomra Ranga

## Tréimhsí Stairiúla an Cheoil a Theagasc

Is ionann tréimhse agus stíl an cheoil a theagasc agus foghlaim faoi ghnéithe an cheoil chomh maith le gnéithe stíle gach tréimhse. Rud amháin faoi thréimhse agus stíl an cheoil a theagasc, is ea go mbíonn scoláirí in ann na gnéithe ceoil faoi seach a aithint ó chluas do gach tréimhse agus cur síos a dhéanamh orthu. Mar mhúinteoirí, déanaimid ár ndícheall foghlaim scoláirí faoi ghnéithe ceoil a nascadh leis an méid atá á chloisteáil acu sa cheol trí am a chaitheamh leis an oideolaíocht uileghabhálach fuaim roimh shiombail. Seo roinnt straitéisí le cur san áireamh agus tú ag plé le foghlaim faoi thréimhse agus stíl an cheoil trí éisteacht i seomra an cheoil.

### 1. Can / Buail bosa / Seinn / Seinn in éineacht

Cabhraigh le scileanna éisteachta trí ghníomhaíochtaí léirithe. Éist leis an gceol agus tóg an t-am chun canadh, bosa a bhualadh agus/nó oibriú amach conas é a sheinm ar do chuid uirlisí. Can, buail bosa agus/nó seinn in éineacht agus tú ag éisteacht leis an léiriú taifeadta.

**Cuir chuige fhéideartha**

- Cóirithe a aimsiú agus/nó simpliú a dhéanamh ar an gceol /príomhthéama /móitíf do do scoláirí chun a n-aird a tharraingt ar na comharthaí sóirt cluaise, ar an bhfoghlaim, sa phíosa ceoil sin.
- Agus tú ag éisteacht le taifeadadh, buail nó tapáil an buille, an buille anuas, na cúlbhuilli, rithimí an ostinati, móitífeanna agus téamaí
- Réimnithe/patrúin chorda a aithint agus tú ag éisteacht agus ag seinm in éineacht leis an bpíosa
- Dúntaí a chanadh nó a sheinm in 1, 2, 3 nó níos mó páirteanna chun aird a tharraingt ar ghuth tosaigh
- Le linn éisteachta, iarracht a dhéanamh a oibriú amach, ag úsáid uirlisí ranga nó DLT, cad iad na cordaí / réimnithe armónacha/dúntaí a chloistear sa cheol
- Ag éisteacht leis an bpíosa ceoil, bíonn grúpaí éagsúla ag canadh, ag bualadh bos agus/nó ag seinm gnéithe éagsúla ceoil ag an am céanna chun cabhrú le foghlaim faoi chodanna, sraitheanna agus uigeacht


### 2. Anailís na Scoláirí

Chun éisteacht le ceol agus anailís a dhéanamh air ní mór pleanáil chúramach, am lena fhorbairt agus is gá é a chleachtadh. Tosaigh le rainn do pháistí, amhráin tíre nó foinn aitheanta agus ansin bog ar aghaidh go dtí cóirithe simplithe saothar.

**Cuir chuige fhéideartha**

- Agus iad ag éisteacht leis na rainn do pháistí, nó le foinn aitheanta srl, iarr ar na scoláirí an míriú a aithint, áit a bhfuil an tséis ag gluaiseacht de réir céime / léime / an dá rud, nótaí nó frásaí athcheolta, seichimh, athruithe dinimice agus/nó luas agus ansin iad a mharcáil ar an scór
- Éisteann na scoláirí le bunchordaí I IV agus V. Agus iad ag éisteacht le léiriú de Twinkle, Twinkle mar shampla, iarr orthu a aithint cá n-athraíonn an corda, agus an bhfuil fuaim neamhchríochnaithe nó críochnaithe ar na dúntaí. Ansin, agus an scór á úsáid, taispeáin armónú séis shimplí agus conas a oibríonn dúntaí
- Uirlisí a aithint trí éisteacht agus cur síos a dhéanamh ar a bpáirt i sliocht, ó chóirithe aonair agus dhá/trí pháirt go saothair ceolfhoirne

8 Oide.ie



Straitéisí Éisteachta ar leanúint

### 3. Ceol a Theagasc go Ceolmhar

Trí ghnéithe / eilimintí ceoil a theagasc, tugtar léiriú cluaise ar na gnéithe/eilimintí ceoil atá á bhfoghlaim agus bíonn scoláirí in ann an méid a chloiseann siad a nascadh lena dtuiscint agus lena bhfoghlaim scríofa.

**Cuir chuige fhéideartha**

- Agus iad ag éisteacht, tabhair cuireadh do na scoláirí aon rud agus gach rud a chloiseann siad i sliocht a scríobh ina bhfocail féin
- Trí phlé agus trí éisteacht arís leis an sliocht seo, eagraigh a gcuid focal faoi na ceannteidil éagsúla de na gnéithe ceoil
- Ansin aonraigh agus oibrigh ar gach ceann de na gnéithe ina n-aonar chun a dtuiscint a dhoimhniú. Agus iad ag éisteacht, iarr orthu an ghné a chanadh/a bhualadh de bhosa / a sheinm ar a n-uirlis agus iarr orthu cur síos níos mine a dhéanamh air, ina bhfocail féin
- Le chéile comh-chruthaígí agus aontaígí ar an bhfoclaíocht don sainmhíniú nó don chur síos sin ar an stíl
- Seachain sainmhínithe i ngluaiseanna leo féin, bíodh gach sainmhíniú nasctha go soiléir i gcónaí le háit i bpíosa ceoil nó i saothar ar leith

### 4. Scoláirí mar Bhleachtairí Stíle


Ní bhíonn stíleanna ceoil ann i bhfolús, tá baint ag gach ceol lena chéile. Trí éisteacht le stíleanna éagsúla agus dul i ngleic lena bhfoghlaim, cuideoidh sé sin lena chur ar chumas scoláirí páirt a ghlacadh, a bheith cruthaitheach agus an ceol a mbíonn siad ag plé leis a mheas.

**Cuir chuige fhéideartha**

- Is mór a chuidíonn sé le foghlaim scoláirí an phríomhfhoghlaim a bheith eagraithe i ngreillí nó i dtáblaí comhlánaithe. Mar sin féin, tá an baol ann leis an gcur chuige sin go bhféadfadh scoláirí féachaint ar éigean ar na bileoga seo agus ní bhíonn san fhoghlaim ach foghlaim de ghlanmheabhair amháin. Trí threoir, tacaíocht agus stiúir a thabhairt do scoláirí a ngreille/tábla féin a chomhlánú de réir mar a théann siad tríd an aonad, tugtar faill do scoláirí úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin
- Tosaigh le ceisteanna simplí – Cén bhliain, dar libh, óna dtagann an ceol seo? Cad é an corda i mbarra 1? Cad é atá suimiúil faoin gcorda seo? Ansin déan tagairt don stíl nó don chomhthéacs m.sh., dord Alberti. Cabhróidh an cur chuige imscrúdaitheach sin leis na scoláirí a bheith in ann gnéithe stíle a aimsiú agus a chloisteáil sa cheol a mbíonn siad ag éisteacht leis

**Gníomhaíocht 4:** Sainaithin 1 straitéis oideolaíochta is mó a chabhródh le do chuid scoláirí agus iad ag foghlaim faoi thréimhsí stairiúla an cheoil. Roinn straitéis amháin eile a d'oibrigh duit i do sheomra ranga.

Oide.ie



# Ag foghlaim le chéile…


Oide

- cuirfimid lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus an scil a bhaineann le hÉISTEACHT nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- fiosróimid straitéisí oideolaíocha chun cabhrú tuilleadh le scil na héisteachta trí thréimhsí stairiúla an cheoil a theagasc
- déanfaimid imscrúdú ar straitéis mholta maidir leis an gcaoi chun critéir ratha a chomhchruthú trí bhreithiúnas comparáideach a dhéanamh




# Breithiúnas Comparáideach









Ag filleadh ar ár n-aonad samplach foghlama, déan cur síos ar an mbriathar gnímh mar a úsáidtear é i dtoradh foghlama 1.14

***Déan comparáid*** **1.13** **1.14** **3.7**

Cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd








# Breithiúnas Comparáideach

Déan iniúchadh ar an gcaoi a n-iarrtar scil na comparáide sna tascanna éisteachta seo.

Cad iad na bealaí eile atá ann chun scoláirí a mhealladh i scil na comparáide?

**Sliocht 5** agus **Sliocht 6, a sheinnfear dhá uair.**


**(e)** Ó thaobh gnéithe ceoil de, déan cur síos ar chosúlacht **amháin** agus ar dhifríocht **amháin** idir **Sliocht 5** agus **Sliocht 6**.

**(i)** Cosúlacht:


**(ii)** Difríocht:

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

(vi) Tá an ceol sa sliocht seo níos drámata ná an ceol i Sliocht 1. Mínigh an chúis atá leis sin agus conas a bhaintear amach sa cheol é.








# Pleanáil Éifeachtach

## CRITÉIR RATHA

Conas a bheidh a fhios agat gur tharla an fhoghlaim?

- déanfaidh siad nasc i gcónaí leis na hintinní foghlama
- cuireann siad síos ar an gcuma atá ar rath
- bíonn siad comhchruthaithe leis na scoláirí
- déanfaidh siad scafláil ar an bhfoghlaim le linn na gníomhaíochta
- beidh siad mar bhunús le haiseolas, piarmheasúnú agus féinmheasúnú




## INTINNÍ FOGHLAMA

Cad faoi a bheidh an fhoghlaim?


- díronn siad ar an bhfoghlaim agus ní ar an ngníomh
- bíonn siad nasctha i gcónaí leis an bhfoghlaim atá bearthaithe
- bíonn siad scríofa i dteanga a úsáideann agus a thuigeann scoláirí
- díríonn siad ar an méid a bheas foghlamtha ag scoláirí faoi dheireadh an cheachta
- beidh siad leathan go leor ionas nach gcuirfidh siad srian leis an réimse leathan eispéiris foghlama




…CNCM, Fócas ar an bhFoghlaim, lch. 22

# Pleanáil Éifeachtach

Oide



# Straitéis Fhéideartha chun Critéir Ratha a Chomhchruthú

## Roimh an bhFoghlaim

- Bailigh samplaí oibre d'iar-scoláirí nó cruthaigh d'eiseamláirí féin atá nasctha leis an bhfoghlaim
- Socraigh CONAS atá tú chun iad seo a chur i láthair do chuid scoláirí m.sh., obair ghrúpa, Smaoinigh-Péireáil-Roinn, nó plé ginearálta ranga
- Déan cinneadh CÉN UAIR a chabhródh sé le foghlaim scoláirí iad a bheith ag comhthógáil critéir ratha

## Lena Linn

- Roinn 2-3 shampla gan ainm agus iarr ar na scoláirí an fhoghlaim atá le fáil sna samplaí sin atá nasctha leis na hintinní foghlama a phlé
- Iarr ar na scoláirí cur síos a dhéanamh ina bhfocail féin ar an sampla is fearr a d'oibrigh agus cén fáth
- Sórtáil na pointí plé a dhéanann na scoláirí i gcatagóirí éagsúla (nuair is cuí)
- Le chéile, cruthaigh na ráitis 'Is féidir liom / Is féidir linn...' a bhaineann leis an bhfoghlaim sin don ghrúpa scoláirí sin, ina dteanga chomhaontaithe féin atá sothuigthe ag scoláirí
- Roinn na critéir ratha chomhchruthaithe chomhaontaithe leis na scoláirí tríd an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama atá roghnaithe agat nó cuir in airde iad in áit fheiceálach i do sheomra ranga

## Go Leanúnach


- Lean ar aghaidh ag úsáid na samplaí seo agus obair reatha scoláirí atá idir lámha chun píosaí oibre a chur i gcomparáid, dul chun cinn a aithint, a thabhairt faoi deara cad is gá a athbhreithniú, agus na chéad chéimeanna eile a chinneadh
- Lean ar aghaidh ag tagairt do chritéir ratha chomhaontaithe. Mar sin féin, déan athbhreithniú agus beachtú má mheastar gur gá sin le himeacht ama
- Iarr ar do scoláirí féinmheasúnú agus piarmheasúnú a dhéanamh trína gcuid oibre féin a chur i gcomparáid leis na samplaí anaithnide oibre
- Iarr ar na scoláirí gach dréacht agus athdhréachtú oibre a choinneáil agus leanúint orthu ag machnamh ar a ndul chun cinn agus é sin a mheasúnú.

## Tar éis

- Iarr ar na scoláirí roinnt dá gcuid oibre féin a chur le taisce samplaí is féidir a úsáid chun foghlaim a scafláil chun go dtosóidh an próiseas ar fad arís

## Féidearthachtaí do Chaint an Mhúinteora leis na scoláirí...

- Seo an áit a bhfuil tú, dar leat (ag breathnú ar na Critéir Ratha)
- Seo an áit ar gá duit dul (ag tagairt do na hIntinní Foghlama)
- Seo na chéad chéimeanna eile is féidir leat a ghlacadh le dul chun cinn (ag tabhairt Aiseolais)
- Conas is féidir liom cabhrú leat?




# Straitéis chun Critéir Ratha a Chomhchruthú

## Roimh an bhFoghlaim

- Bailigh samplaí oibre d'iar-scoláirí nó cruthaigh d'eiseamláirí féin atá nasctha leis an bhfoghlaim
- Socraigh CONAS atá tú chun iad seo a chur i láthair do chuid scoláirí m.sh., obair ghrúpa, Smaoinigh-Péireáil-Roinn, nó plé ginearálta ranga
- Déan cinneadh CÉN UAIR a chabhródh sé le foghlaim scoláirí iad a bheith ag comhthógáil critéir ratha

## Lena Linn

- Roinn 2-3 shampla gan ainm agus iarr ar na scoláirí an fhoghlaim atá le fáil sna samplaí sin atá nasctha leis na hintinní foghlama a phlé
- Iarr ar na scoláirí cur síos a dhéanamh ina bhfocail féin ar an sampla is fearr a d'oibrigh agus cén fáth
- Sórtáil na pointí plé a dhéanann na scoláirí i gcatagóirí éagsúla (nuair is cuí)
- Le chéile, cruthaigh na ráitis 'Is féidir liom / Is féidir linn...' a bhaineann leis an bhfoghlaim sin don ghrúpa scoláirí sin, ina dteanga chomhaontaithe féin atá sothuigthe ag scoláirí
- Roinn na critéir ratha chomhchruthaithe chomhaontaithe leis na scoláirí tríd an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama atá roghnaithe agat nó cuir in airde iad in áit fheiceálach i do sheomra ranga



# Scil na Comparáide

## FREAGRA 1

| BERLIOZ | TCHAIKOVSKY |
|---|---|
| **Uirlisí:** Uirlisí práis agus cnaguirlisí leathnaithe | Uirlisí práis agus cnaguirlisí leathnaithe |
| **Séis:** Úsáidtear séis a fuarthas ar iasacht | Úsáidtear séis a fuarthas ar iasacht |
| **Luas**: Roinnt athruithe luais sa cheann seo | Roinnt athruithe luais sa cheann seo |
| **Stíl**: Is siansa é seo | Is siansa é seo |
| **Méadar**: Is amchomhartha 6/8 den chuid is mó é | Méadar 2 den chuid is mó |
| **Dinimicí**: Athruithe drámatúla ó ard go bog | Athruithe drámatúla ó ard go bog |

## FREAGRA 2

**Cosúlachtaí**

- Tá go leor práis agus cnaguirlisí sa dá phíosa sa cheolfhoireann
- Téamaí ar iasacht (Dies Irae)
- Tá athruithe móra dinimiciúla sa dá cheann acu: Tá tutti ard agus codanna boga gaothuirlísí ag Berlioz agus tá cloigíní arda agus boga ag an gceann eile

**Difríochtaí**


- In Berlioz athraíonn an luas cuid mhór, ach in Tchaikovsky athraíonn an tonúlacht cuid mhór
- Is ceol cláir é Berlioz, ach is é an náisiúnachas atá i saothar Tchaikovsky
- Tá Tchaikovsky in am 3/4 agus tá Berlioz in am 4/4

## FREAGRA 3

| BERLIOZ | TCHAIKOVSKY |
|---|---|
| <u>Cosúlachtaí</u><br>Ceolfhoireann mhór ina seinntear tiúba agus cloig | Ceolfhoireann mhór ina seinntear ciombail phlimpe agus dord-druma |
| Ceol ar iasacht ó stíl eile – Is cantaireacht eaglasta ó Ré na hAthbheochana é an Dies Irae | Ceol ar iasacht ó stíl eile – Is amhrán tíre Rúiseach é an fonn |
| Tá athruithe dinimiciúla drámatúla ann ar nós clingeann na cloig is airde ansin na cloig is boige sa Dies Irae | Tá athruithe dinimiciúla drámatúla ann ar nós an chodarsnacht idir na codanna tutti i bhfad níos airde agus an chuid lárnach níos ciúine le gaothuirlísí agus le téaduirlisí |
| <u>Difríochtaí</u><br>Cluintear roinnt athruithe luais síos tríd | Fanann an luas mar an gcéanna den chuid is mó síos tríd |
| Is siansa tuairisciúil é seo, agus cruthaíonn Berlioz radharc beoga de na cailleacha ag damhsa | Ní sampla é an siansa seo de cheol tuairisciúil |
| Tá an chuid is mó den ghluaiseacht seo in am 6/8 | Tá an ghluaiseacht seo in am trí-bhuilleach |

Le chéile, déanaimis samhail den straitéis seo chun critéir ratha a chomhchruthú.

Seo 3 fhreagra gan ainm ar thasc an scoláire ón aonad samplach foghlama againn. Tóg nóiméad le léamh trí gach freagra.




lch.13

# Straitéis Fhéideartha chun Critéir Ratha a Chomhchruthú

## FREAGRA 1

| BERLIOZ | TCHAIKOVSKY |
|---|---|
| **Uirlisí:** Uirlisí práis agus cnaguirlisí leathnaithe | Uirlisí práis agus cnaguirlisí leathnaithe |
| **Séis**: Úsáidtear séis a fuarthas ar iasacht | Úsáidtear séis a fuarthas ar iasacht |
| **Luas**: Roinnt athruithe luais sa cheann seo | Roinnt athruithe luais sa cheann seo |
| **Stíl**: Is siansa é seo | Is siansa é seo |
| **Méadar**: Is amchomhartha 6/8 den chuid is mó é | Méadar 2 den chuid is mó |
| **Dinimicí**: Athruithe drámatúla ó ard go bog | Athruithe drámatúla ó ard go bog |

## FREAGRA 2

**Cosúlachtaí**

- Tá go leor práis agus cnaguirlisí sa dá phíosa sa cheolfhoireann
- Téamaí ar iasacht (Dies Irae)
- Tá athruithe móra dinimiciúla sa dá cheann acu: Tá tutti ard agus codanna boga gaothuirlísí ag Berlioz agus tá cloigíní arda agus boga ag an gceann eile

**Difríochtaí**


- In Berlioz athraíonn an luas cuid mhór, ach in Tchaikovsky athraíonn an tonúlacht cuid mhór
- Is ceol cláir é Berlioz, ach is é an náisiúnachas atá i saothar Tchaikovsky
- Tá Tchaikovsky in am 3/4 agus tá Berlioz in am 4/4

## FREAGRA 3

| BERLIOZ | TCHAIKOVSKY |
|---|---|
| **Cosúlachtaí**<br>Ceolfhoireann mhór ina seinntear tiúba agus cloig | Ceolfhoireann mhór ina seinntear ciombail phlimpe agus dord-druma |
| Ceol ar iasacht ó stíl eile – Is cantaireacht eaglasta ó Ré na hAthbheochana é an Dies Irae | Ceol ar iasacht ó stíl eile – Is amhrán tíre Rúiseach é an fonn |
| Tá athruithe dinimiciúla drámatúla ann ar nós clingeann na cloig is airde ansin na cloig is boige sa Dies Irae | Tá athruithe dinimiciúla drámatúla ann ar nós an chodarsnacht idir na codanna tutti i bhfad níos airde agus an chuid lárnach níos ciúine le gaothuirlísí agus le téaduirlisí |
| **Difríochtaí**<br>Cluintear roinnt athruithe luais síos tríd | Fanann an luas mar an gcéanna den chuid is mó síos tríd |
| Is siansa tuairisciúil é seo, agus cruthaíonn Berlioz radharc beoga de na cailleacha ag damhsa | Ní sampla é an siansa seo de cheol tuairisciúil |
| Tá an chuid is mó den ghluaiseacht seo in am 6/8 | Tá an ghluaiseacht seo in am trí-bhuilleach |

**Gníomhaíocht 6:** Smaoinigh ar scil an bhreithiúnais chomparáidigh sna 3 fhreagra seo. Cé acu is fearr a oibríonn, agus cén fáth?

## Ráitis Critéir Ratha
## Is féidir liom/linn…



# Straitéis Fhéideartha chun Critéir Ratha a Chomhchruthú

Cosúlachtaí amháin gan trácht ar difríochtaí

## FREAGRA 1

Comparáid idir rudaí agus a macasamhla

Tagairt don dá phíosa

| BERLIOZ | TCHAIKOVSKY |
|---|---|
| **Uirlisí**: Uirlisí práis agus cnaguirlisí leathnaithe | Uirlisí práis agus cnaguirlisí leathnaithe |
| **Séis**: Úsáidtear séis a fuarthas ar iasacht | Úsáidtear séis a fuarthas ar iasacht |
| **Luas**: Roinnt athruithe luais sa cheann seo | Roinnt athruithe luais sa cheann seo |
| **Stíl**: Is siansa é seo | Is siansa é seo |
| **Méadar**: Is amchomhartha 6/8 den chuid is mó é | Méadar 2 den chuid is mó |
| **Dinimicí**: Athruithe drámatúla ó ard go bog | Athruithe drámatúla ó ard go bog |

Easpa Sonraí

Easpa Sonraí

## FREAGRA 2

Tagairt don dá phíosa

**Cosúlachtaí**

- Tá go leor práis agus cnaguirlisí sa dá phíosa sa cheolfhoireann
- Téamaí ar iasacht (Dies Irae) — Ní léir cén píosa atá I gceist anseo
- Tá athruithe móra dinimiciúla sa dá cheann acu: Tá tutti ard agus codanna boga gaothuirlísí ag Berlioz agus tá cloigíní arda agus boga ag an gceann eile

**Difríochtaí** — An dá phíosa measctha suas

- In Berlioz athraíonn an luas cuid mhór, ach in Tchaikovsky athraíonn an tonúlacht cuid mhór
- Is ceol cláir é Berlioz, ach is é an náisiúnachas atá i saothar Tchaikovsky
- Tá Tchaikovsky in am 3/4 agus tá Berlioz in am 4/4 — Mícheart

Comparáid idir rudaí nach bhfuil mar an gcéanna

## FREAGRA 3

Soiléir, eagraithe agus mionsonraithe

Comparáid idir rudaí agus a macasamhla

| BERLIOZ | TCHAIKOVSKY |
|---|---|
| **Cosúlachtaí**<br>Ceolfhoireann mhór ina seinntear tiúba agus cloig | Ceolfhoireann mhór ina seinntear ciombail phlimpe agus dord-druma |
| Ceol ar iasacht ó stíl eile – Is cantaireacht eaglasta ó Ré na hAthbheochana é an Dies Irae | Ceol ar iasacht ó stíl eile – Is amhrán tíre Rúiseach é an fonn |
| Tá athruithe dinimiciúla drámatúla ann ar nós clingeann na cloig is airde ansin na cloig is boige sa Dies Irae | Tá athruithe dinimiciúla drámatúla ann ar nós an chodarsnacht idir na codanna tutti i bhfad níos airde agus an chuid lárnach níos ciúine le gaothuirlísí agus le téaduirlisí |
| **Difríochtaí**<br>Cluintear roinnt athruithe luais síos tríd | Fanann an luas mar an gcéanna den chuid is mó síos tríd |
| Is siansa tuairisciúil é seo, agus cruthaíonn Berlioz radharc beoga de na cailleacha ag damhsa | Ní sampla é an siansa seo de cheol tuairisciúil |
| Tá an chuid is mó den ghluaiseacht seo in am 6/8 | Tá an ghluaiseacht seo in am trí-bhuilleach |


Tempo amháin síos tríd

Tagairt don dá phíosa

**Gníomhaíocht 6:** Smaoinigh ar scil an bhreithiúnais chomparáidigh sna 3 fhreagra seo. Cé acu is fearr a oibríonn, agus cén fáth?

## Ráitis Critéir Ratha
## Is féidir liom/linn…

- Comparáid a dhéanamh idir rudaí agus a macasamhla
- Mo thuiscint ar ghnéithe ceoil agus stíle a thaispeáint
- Cosúlachtaí agus difríochtaí a chur san áireamh
- Mo fhreagraí a eagrú ar bhealach soiléir
- Tagairt a dhéanamh don dá phíosa/ shliocht i mo fhreagra



# Straitéis Fhéideartha chun Critéir Ratha a Chomhchruthú

## Roimh an bhFoghlaim

- Bailigh samplaí oibre d'iar-scoláirí nó cruthaigh d'eiseamláirí féin atá nasctha leis an bhfoghlaim
- Socraigh CONAS atá tú chun iad seo a chur i láthair do chuid scoláirí m.sh., obair ghrúpa, Smaoinigh-Péireáil-Roinn, nó plé ginearálta ranga
- Déan cinneadh CÉN UAIR a chabhródh sé le foghlaim scoláirí iad a bheith ag comhthógáil critéir ratha

## Lena Linn

- Roinn 2-3 shampla gan ainm agus iarr ar na scoláirí an fhoghlaim atá le fáil sna samplaí sin atá nasctha leis na hintinní foghlama a phlé
- Iarr ar na scoláirí cur síos a dhéanamh ina bhfocail féin ar an sampla is fearr a d'oibrigh agus cén fáth
- Sórtáil na pointí plé a dhéanann na scoláirí i gcatagóirí éagsúla (nuair is cuí)
- Le chéile, cruthaigh na ráitis 'Is féidir liom / Is féidir linn...' a bhaineann leis an bhfoghlaim sin don ghrúpa scoláirí sin, ina dteanga chomhaontaithe féin atá sothuigthe ag scoláirí
- Roinn na critéir ratha chomhchruthaithe chomhaontaithe leis na scoláirí tríd an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama atá roghnaithe agat nó cuir in airde iad in áit fheiceálach i do sheomra ranga

## Go Leanúnach


- Lean ar aghaidh ag úsáid na samplaí seo agus obair reatha scoláirí atá idir lámha chun píosaí oibre a chur i gcomparáid, dul chun cinn a aithint, a thabhairt faoi deara cad is gá a athbhreithniú, agus na chéad chéimeanna eile a chinneadh
- Lean ar aghaidh ag tagairt do chritéir ratha chomhaontaithe. Mar sin féin, déan athbhreithniú agus beachtú má mheastar gur gá sin le himeacht ama
- Iarr ar do scoláirí féinmheasúnú agus piarmheasúnú a dhéanamh trína gcuid oibre féin a chur i gcomparáid leis na samplaí anaithnide oibre
- Iarr ar na scoláirí gach dréacht agus athdhréachtú oibre a choinneáil agus leanúint orthu ag machnamh ar a ndul chun cinn agus é sin a mheasúnú.

## Tar éis


- Iarr ar na scoláirí roinnt dá gcuid oibre féin a chur le taisce samplaí is féidir a úsáid chun foghlaim a scafláil chun go dtosóidh an próiseas ar fad arís

## Féidearthachtaí do Chaint an Mhúinteora leis na scoláirí...

- Seo an áit a bhfuil tú, dar leat (ag breathnú ar na Critéir Ratha)
- Seo an áit ar gá duit dul (ag tagairt do na hIntinní Foghlama)
- Seo na chéad chéimeanna eile is féidir leat a ghlacadh le dul chun cinn (ag tabhairt Aiseolais)
- Conas is féidir liom cabhrú leat?




Oide



PLÉIMIS




Ag machnamh ar ár gcomhráite go léir, cén gníomh amháin ón seisiún seo a d'fhéadfá a dhéanamh ar fhilleadh ar scoil duit?



# Ag foghlaim le chéile…

Oide

- cuirfimid lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus an scil a bhaineann le CUMADÓIREACHT nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- fiosróimid straitéisí oideolaíocha chun cabhrú tuilleadh leis na scileanna cumadóireachta tríd an gcluas inmheánach a fhorbairt agus fiosróimid conas a d'fhéadfadh na straitéisí cumadóireachta seo foghlaim an scoláire a fhorbairt agus iad ag seinm agus ag éisteacht
- cruthóimid trí nádúr comhtháite na héisteachta, na cumadóireachta agus an taibhléirithe




# Bunscoil: Cumadóireacht


## Tobchumadh agus Cruthú

- Foinsí fuaime a úsáid
- patrúin shéiseacha agus rithimeacha a athghairm, a fhreagairt agus a chruthú
- Feasacht agus smacht ar gnéithe an cheoil a thaispeáint

## Pléigh agus Taifead


- Léirsmaoineamh agus meastóireacht a dhéanamh ar a c(h)uid oibre féin agus ar obair páistí eile
- Siombailí grafacha a chumadh agus/nó nodaireacht chaighdeánach
- Taifead trí mheáin leictreonacha a úsáid

…Curaclam Bunscoile, Ceol, lgh. 79-80




# Sóisearach: Cruthú agus Iniúchadh

- An dóigh a gcuirtear séis le chéile a thuiscint
- An dóigh a gcuirtear fuaimeanna i mullach a chéile chun uigeacht agus armóin a chruthú
- Rúin agus prótacail chultúrtha cumadóirí agus cóiritheoirí a léirmhíniú
- Téamaí agus smaointe chun ceol a chruthú a chuardú agus a aimsiú
- Eispéireas daoine eile a úsáid chun bonn eolais a chur faoina gcinntí cruthaitheacha féin
- Machnamh an Scoláire
- Stíl nó seánra ar bith, uirlis nó guth





# Sóisearach: Cumadóireacht

## Croíchúrsa

- Séis 4 bharra a fhreagairt/soiléiriú ar théacs/rince a thugtar, leagan
- Armóin cuir séis agus nótaí doird/cuir cordaí agus nótaí doird/cuir cordaí agus forshéis
- Tuiscint ar uraiceacht an cheoil i dteannta le cluas-samhlaíocht a chuirfidh ar a gcumas ceol a chumadh agus a scríobh

## Roghnach: Punann Chumadóireachta


- Dhá dhréacht ghearra agus/nó dhá amhrán
- Cumtha, eagraithe nó ionstraimithe
- Coitianta, comhthionólach, eithneach, avant-garde nó leictro-fuaimíocht nó teaglaim
- Breactha i nodaireacht go hiomlán
- Léargas iomlán scríofa den phróiseas






… Siollabas Ceoil na hArdteistiméireachta, lgh. 8-9


# Contanam Fhoghlaim an Cheoil

Ciorclaigh / Aibhsigh / Cuir líne faoi / Ceangail **an t-EOLAS agus na SCILEANNA CUMADÓIREACHTA** atá le fáil i dTaibhléiriú agus Éisteacht **thar** gach leibhéal den chontanam seo




# Ag foghlaim le chéile…

Oide

- cuirfimid lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus an scil a bhaineann le CUMADÓIREACHT nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- fiosróimid straitéisí oideolaíocha chun cabhrú tuilleadh leis na scileanna cumadóireachta tríd an gcluas inmheánach a fhorbairt agus fiosróimid conas a d'fhéadfadh na straitéisí cumadóireachta seo foghlaim an scoláire a fhorbairt agus iad ag seinm agus ag éisteacht
- cruthóimid trí nádúr comhtháite na héisteachta, na cumadóireachta agus an taibhléirithe

# Straitéisí Oideolaíochta
# An Chluas Inmheánach a Fhorbairt



Straitéisí Oideolaíochta le haghaidh CUMADÓIREACHTA sa Seomra Ranga

**An Chluas Inmheánach a Fhorbairt**

Is é atá i gceist leis an gcluas inmheánach a fhorbairt foghlaim chun smaointe ceoil a 'chloisteáil' i do cheann agus na smaointe sin a chur in iúl i nodaireacht scríofa / ghrafach agus / nó i léiriú. Mar mhúinteoirí, déanaimid ár ndícheall cluas inmheánach ár scoláirí a fhorbairt, chun fuaim agus siombail a nascadh agus iad a chumasú mar cheoltóirí cruthaitheacha. Seo a leanas roinnt straitéisí oideolaíocha le cur san áireamh agus tú ag gabháil don phróiseas cumadóireachta sa seomra ceoil.

**1. Foghlaim Mhacallach** Is cur chuige éifeachtach é seo in amanna chun éisteacht inmheánach na scoláirí a fheabhsú maidir le séis agus rithim a thacóidh ar a sheal lena scileanna cumadóireachta. Is é atá i gceist go mbíonn scoláirí ag canadh nó ag seinm mar fhreagra ar spreagadh ó chluas.

Cuir chuige fhéideartha
- Amhráin mhacallacha a chasadh m.sh. *Swing Low Sweet Chariot*
- Dul i gceann gníomhaíochtaí athchuimhne chluaise m.sh. buaileann an ceannaire frása lena bhosa agus bíonn an grúpa á athrá
- Frása an cheannaire a chanadh nó a athsheinm le solfa/ainmneacha airde/ainmneacha rithime
- Ábhar aitheanta a chanadh nó a sheinm i gcanóin
- 'Liosta siopadóireachta': Canann nó seinneann scoláire amháin smaoineamh gearr rithimeach nó séiseach. Déanann an chéad scoláire eile an smaoineamh a athcheol agus cuireann sé a chuid féin leis. Déanann an tríú scoláire an dá smaoineamh a athcheol agus cuireann sé ceann eile leis. Leanann an próiseas ar aghaidh go dtí go ndéantar botún

**2. Eatraimh agus Cordaí** Is bloic thógála iad seo a bhaineann go dlúth le scríbhneoireacht séise. Trí eatraimh agus cordaí a iniúchadh go córasach cothaítear an scil a bhaineann le séis agus armóin a chruthú, agus tacaíonn sé sin le foghlaim ghléasanna, tonúlachta agus feistí struchtúracha.

Cuir chuige fhéideartha
- Druileanna eatraimh a chanadh agus / nó sheinm
- Blúirí ó cheol aitheanta a chanadh agus / nó a sheinm le béim ar eatraimh ar leith
- Nótaí cordaí diatonacha a chanadh agus / nó a sheinm i dtonúlachtaí móra agus beaga
- Uirlisí cuí a úsáid chun réimnithe cordaí agus dúntaí a sheinm
- Tonúlacht chorda, gnáthdhúntaí nó réimnithe corda a aithint ó chluas
- Réimniú corda a athsheinm i ngléas difriúil
- Séis a sheinm trí roinnt nótaí a chanadh amach os ard agus roinnt eile a cheol i do cheann
- Eatramh a chanadh agus tú ag bogadh idir dhá áit éagsúla m.sh. ó chéim amháin go ceann eile ar staighre

17 Oide.ie

Straitéisí cumadóireachta ar leanúint

**3. Cur Chuige Dé-Thaisc** Is é atá i gceist leis sin dhá thasc ceoil a dhéanamh ag an am céanna chun tuiscint scoláirí a dhoimhniú ar an gcaoi a n-oibríonn sraitheanna fuaime le chéile.


Cuir chuige fhéideartha
- Séis a chanadh agus an buille a bhualadh go héadrom
- Séis a chanadh agus rithim scoite a bhualadh go héadrom m.sh. ná buail ach ♫♫ nuair a tharlaíonn sé
- Séis a chanadh agus ostinato rithimeach a bhualadh go héadrom
- An rithim agus an buille a sheinm, nó dhá rithim ag an am céanna, trí bhualadh le lámha agus cosa difriúla
- Corda briste a chanadh agus an bloc-chorda céanna á sheinm ar uirlis
- Amhrán a chanadh agus dordlíne nó réimniú corda simplí a sheinm a ghabhann leis Amhrán aitheanta a chanadh agus rithim an amhráin a bhualadh de bhosa sa chanóin

**4. Cumraíocht/Cruth** Tá sé seo bunúsach agus séiseanna léiritheacha, rifeanna nótáilte, agus buaicphointí spreagúla á ndéanamh. Is é atá i gceist scoláirí a bheith ag forbairt feasachta ar chruthanna agus ar phatrúin séiseacha chun tacú lena bpróiseas cumadóireachta.

Cur chuige fhéideartha
- Séis a chanadh agus cruth a rianú m.sh. an cruth séiseach a 'tharraingt' san aer nó ar pháipéar
- Cruth ar bith a tharraingt san aer nó ar pháipéar agus séis a chruthú a oireann don chruth sin
- Deirí frásaí malartacha a chumadh agus canadh d'amhráin aithnidiúla
- Cumadh agus canadh deirí frásaí chun a chinntiú go bhfuil do cheol críochnaithe nó neamhchríochnaithe
- Can amhrán aitheanta agus bain úsáid as d'uirlis chun na nótaí is airde agus is ísle a aimsiú. Smaoinigh ar an gcaoi a leathnaíonn an cumadóir/cumadóir amhrán an raon
- Can léim eatramh agus déan iniúchadh ar an nóta le bogadh sa treo eile
- Cum móitíf shimplí agus déan cleachtadh ar an amhránaíocht/seinm in ord

**Gníomhaíocht 9:** Iniúch ceann de na tascanna cumadóireachta seo do do scoláirí Sóisearacha nó Sinsearacha agus roghnaigh 1-2 de na straitéisí oideolaíocha seo a chabhródh leis an bhfoghlaim seo

Oide.ie




Conas a d'fhéadfadh na straitéisí seo cabhrú le scil na cumadóireachta i do sheomra ranga?

Smaoinigh ar an gcaoi a gcabhródh siad tuilleadh le scileanna éisteachta agus taibhithe i do sheomra ranga





# Séis a Chumadh

Iniúch ceann de na tascanna cumadóireachta seo do do scoláirí Sóisearacha nó Sinsearacha agus roghnaigh 1-2 de na straitéisí oideolaíocha seo a chabhródh leis an bhfoghlaim seo










# Aistear Déantáin Cheoil


Socraigh na céimeanna seo in ord, de réir cé acu díobh a bhaineann leis an bpróiseas agus cé acu a bhaineann leis an táirge



# Forbarthach ní Cleachtadh atá i gceist

Oide





Moladh amháin…

Scríofa, Digiteach, Físe, Fuaime nó eile

**Próiseas** → ← **Táirge**

# Breithnithe le linn a bheith Cruthaitheach

An gcabhródh na breithnithe seo le do chuid scoláirí agus iad i mbun cumadóireachta?





Redmond, C. (2004), *The Creativity Wheel*, Creative Partnerships Durham Sunderland

# Ag foghlaim conas a bheith Cruthaitheach


Teanga an Scoláire
Ciorcal Seachtrach

Teanga an Mhúinteora
Ciorcal Inmhéanach





Smaoinigh ar an dtaca seo agus freagair na ceisteanna seo

- Conas a mheallfaimis scoláirí lena gcuid samhlaíochta a úsáid?
- Cén chaoi a mbeidh a fhios ag scoláirí go bhfuil rud úrnua á chumadh acu?
- Cad iad na straitéisí a chabhródh le scoláirí meas a bheith acu ar a gcuid oibre?




Redmond, C. (2004), *The Creativity Wheel*, Creative Partnerships Durham Sunderland




# MRB 1 Punann Chumadóireachta

- Dhá phíosa, dreáchtaí san áireamh
- Nóta machnaimh an scoláire le gach píosa
- Stíl/séanra ceoil ar bith
- d'uirlis nó do ghuth ar bith
- saothar aonréadach agus/nó grúpa
- scríofa, digiteach, físea, fuaime nó eile

- Úrnua
- Samhlaíoch
- Cuspóir

…Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí 2017, lgh. 20-21

…Treoirlínte Measúnuithe, lch.16

# Samplaí de chuid CNCM de MRB1 Obair Scoláirí

Oide

Cuir síos ar an gcaoi a bhfuil na píosaí cumadóireachta sa sampla seo úrnua agus samhlaíoch agus conas a ceapadh iad agus cuspóir acu


Sonraíocht Curaclaim

Treorlínte

Sampla d'obair scólaire

Ceisteanna Samplacha

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment




https://curriculumonline.ie/Junior-Cycle/Junior-Cycle-Subjects/Music/Examples-of-student-work/Examples-of-CBA-1-Composition-Portfolio/

# Ag foghlaim le chéile…


Oide

- cuirfimid lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus an scil a bhaineann le CUMADÓIREACHT nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- fiosróimid straitéisí oideolaíocha chun cabhrú tuilleadh leis na scileanna cumadóireachta tríd an gcluas inmheánach a fhorbairt agus fiosróimid conas a d'fhéadfadh na straitéisí cumadóireachta seo foghlaim an scoláire a fhorbairt agus iad ag seinm agus ag éisteacht
- cruthóimid trí nádúr comhtháite na héisteachta, na cumadóireachta agus an taibhléirithe





# Cártaí
# CRUTHAÍMIS

Roghnaigh cárta ar bith go randamach agus gabh i mbun cruthaíochta!
Agus tú ag dul i ngleic leis na céimeanna ar do chárta, smaoinigh ar an gcaoi ar féidir le nádúr comhtháite na cumadóireachta, na héisteachta agus an taibhithe cabhrú leis an bhfoghlaim seo



# CÉN FÁTH AN TACAÍOCHT SEO?


- Baineann go leor scoláirí tairbhe as cur chuige scaflála i leith cumadh ceoil
- Cuireann na cártaí seo scafaill mholta ar fáil duit chun triail a bhaint astu le do scoláirí
- Faightear cur chuige féideartha amháin ar gach cárta agus sibh ag plé le foghlaim nua
- De réir mar a éiríonn scoláirí níos neamhspleáiche agus níos muiníní ina scil chumadóireachta, baintear an scafláil de réir a chéile



# CAD É ATÁ SA TACAÍOCHT SEO?

- Gníomhaíochtaí cumadóireachta molta eagraithe de réir litreacha na haibítre chun iniúchadh le do chuid scoláirí

- Tá sliocht éisteachta nó sampla ceoil molta ag gabháil le gach gníomhaíocht scaflála



# CONAS AN TACAÍOCHT SEO A ÚSÁID?

Moltaí amháin...

1. Déan cinneadh cé acu a ghlacfaidh na scoláirí páirt I mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga // Tabhair litir eile a roghnaítear go randamach do gach grúpa // cruthaíonn gach grúpa a bpíosa ceoil agus cuireann i láthair don rang é
2. Déan cárta amháin a theilgean ar do scáileán ionas go mbeidh gach scoláire in ann tabhairt faoi chineál amháin cumadóireachta // léirigh gach céim agus tú ag tabhairt an scoláire trí gach céim // ansin iarr ar gach scoláire a gcuid féin a chruthú agus é a chur i láthair an ranga.

ÁBHAR

# CRUTHAÍMIS

**A**
- AINM

**B**
- BLUES
- BREACHNÚ
- BUILLE SUAS

**C**
- CANÓIN
- CEATHAIRÉAD
- CEOL SCANNÁIN
- CNAGADH COIRP
- CÓIRIGH
- CONTRAFACT

**D**
- DIES IRAE
- DORD ALBERTI
- DRUMAÍ

**E**
- ENSEMBLE

**F**
- FOCAL
- FOCALDATHÚ
- FORSHÉIS
- FUAIMEANNA AIMSITHE

**G**
- GABHÓID
- GLAO AGUS FREAGAIRT
- GLEADHRADH
- GLIGÍN
- GO GASTA

**H**
- HAIKU

**I**
- IDIRCHÉIM
- ILMHÉADAR
- INBHÉARTÚ
- IODALÚ
- ÍOSTACHAS

**J**
- JEAMÁIL

**L**
- LÚBA

**M**
- MÁIRSEÁIL

**N**
- NÓTAÍ NASCTHA
- NOLLAIG

**O**
- OCHTACH
- OSTINATO

**P**
- PEINTEATONACH
- PORT

**R**
- RAPCHEOL
- RITHIM
- RITHIM CNAGTHA


**S**
- SCÓR GRAFACH
- SEICHEAMH
- SMAOINEAMH BREISE
- SOSANNA
- SRATHADH
- SUANTRAÍ
- SUIMIÚ

**T**
- TRÍCHORDA

**U**
- UIMHREACHA

**V**
- VÁLSA


**Z**
- FUAIMEANNA AN ZÚ



# PLÉIMIS

Ag machnamh ar ár gcomhráite go léir, cén gníomh amháin ón seisiún seo a d'fhéadfá a dhéanamh ar fhilleadh ar scoil duit?






# Ag foghlaim le chéile…

Oide

- cuirfimid lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus an scil a bhaineann le taibhiú nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- déanfaimid iniúchadh breise ar an bhfoghlaim a tharlaíonn le linn an tseisiúin phraiticiúil agus na straitéise oideolaíochta: tobchumadh trí thaibhiú
- beidh muid ag tobchumadh trí nádúr comhtháite na héisteachta, na cumadóireachta agus an taibhléirithe




# Bunscoil: Léiriú

Oide

## Amhránaíocht

- Réimse cineálacha amhrán
- Amhránaíocht aoncheoil agus páirtamhránaíocht
- Feasacht agus smacht ar gnéithe an cheoil a thaispeáint
- Na difríochtaí idir mhíreanna amhráin a thabhairt faoi deara
- Rothlaim a léiriú le héagsúlachtaí uigeachta


## Litearthacht

- Rithim agus amchomharthaí
- Séis
- Sólfá tonach
- chliathnodairecht
- gléaschomharthaí
- Amharcléamh

## Seinm Uirlisí

- Teicníochtaí seanma
- Uirlisí séiseacha agus Cnaguirlisí
- Tionlacan
- Foinn choitianta a léiriú


… Curaclam Bunscoile, Ceol, lgh. 73-78


Ceol na Sraithe Sóisearaí

# Sóisearch: Rannpháirtíocht agus Déanamh Ceoil

- Smaointe cruthaitheacha a chur in iúl agus smaointe daoine eile a léirmhíniú
- Líofacht agus rialú teicniúil
- Tuiscint ar ghnéithe ceoil agus ar theicnící uirlise/guthacha a léiriú
- Cinntí agus breithiúnais eolasacha ceoil a dhéanamh trí chleachtú, trí athbhreithniú agus trí bheachtú


… Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí, 2017, lch. 12


Ceol na Sraithe Sóisearaí

# Praiticiúil na Sraithe Sóisearaí

- Teagasc rangbhunaithe 3 bliana
- 2 amhrán/phíosa ceoil **LE HAGHAIGH 2024 amháin**
- Taibhithe measctha gan srian
- Scrúdú neamhullmhaithe
- Rialú teicniúil, líofacht agus ceolmhaireacht

… Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí, 2017, lch. 23


AN ROINN OIDEACHAIS DEPARTMENT OF EDUCATION

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

SIOLLABAS CEOIL

(ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL)

# Sinsearach: Ceolchasadh


## Croíchúrsa

- Rogha Gníomhaíochtaí
- Triail Neamhullmhaithe
- Líofacht Theicniúil/Líofacht an Cheoil
- Tionlacan, de réir mar is cuí
- Cumas an líne a choinneáil agus cur go ceolmhar le foilsiú an dréachta

## Roghnach

- Ceolchlár a chasadh a léiríonn forleathnú ar an gcroífhoghlaim

# Contanam Fhoghlaim an Cheoil




Ciorclaigh / Aibhsigh / Cuir líne faoi / Ceangail **an t-EOLAS agus na SCILEANNA** a bhaineann le **TAIBHIÚ** a nasctar **tríd** an gcontanam seo



# Ag foghlaim le chéile…

Oide

- cuirfimid lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus an scil a bhaineann le taibhiú nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- déanfaimid iniúchadh breise ar an bhfoghlaim a tharlaíonn le linn an tseisiúin phraiticiúil agus na straitéise oideolaíochta: tobchumadh trí thaibhiú
- beidh muid ag tobchumadh trí nádúr comhtháite na héisteachta, na cumadóireachta agus an taibhléirithe




# Praiticiúil

Oide


Cad é atá i gceist leis an bhfoghlaim seo?

## Líofacht Theicniúil

- beachtas nótaí
- comhsheasmhacht rithimiúil
- deaslámhacht agus smacht teicniúil
- caighdéan iomchuí toin

## Líofacht an Cheoil

- ceolmhaireacht
- léiriú
- cumarsáid cheoil
- ábhar an chláir






# Ensemble Seomra Ranga ag Seinm


Déan iniúchadh ar cheann de na píosaí seo do do scoláirí agus cuir isteach sa scór inar féidir teacht ar an bhfoghlaim phraiticiúil seo

Roinn píosa amháin eile a chabhraigh leis an bhfoghlaim le haghaidh seinm grúpa i do sheomra ranga















# Gnéithe Eile den Chúrsa

Conas ar chabhair bhreise do do scoláirí í an fhoghlaim seo sa phíosa atá roghnaithe agat agus iad ag plé le héisteacht agus le cumadóireacht?



PLÉIMIS






# Triail Tobchumadh gan Ullmhú

- Séiseach / Rithimeach / Armónach / Modh
- Ar a laghad - 4 bharra (SS), 8 mbarra (AT GL), 16 bharra (AT AL)
- Tagairt don ábhar tugtha
- Forbairt ar an ábhar tugtha
- Leanúnachas
- Tuiscint ar bhuille
- Tuiscint ar an gceol


TOBCHUMADH / IMPROVISATION
SÉISEACH / MELODIC
Moderato

ARMÓNACH / HARMONIC
Moderato

| | | | |
|---|---|---|---|
| C | Am | F | C |

RITHIMEACH / RHYTHMIC
Moderato


TOBCHUMADH AR MHODH A THUGTAR
IMPROVISATION ON A GIVEN MOOD


Tobchum ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(i) Feargach
(ii) Áthasach
(iii) Socair

Improvise on one of the following:

(i) Angry
(ii) Joyful
(iii) Calm





TOBCHUMADH (AL) / IMPROVISATION (HL)
SÉISEACH / MELODIC
Moderato
*mf*

ARMÓNACH / HARMONIC

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dm | Gm | A | A7 |
| B♭ | Gm | A7 | Dm |

RITHIMEACH / RHYTHMIC
Moderato

TOBCHUMADH AR MHODH A THUGTAR
IMPROVISATION ON A GIVEN MOOD

Tobchum ar cheann amháin díobh seo a leanas:
(i) sástacht
(ii) spraíúlacht
(iii) fearg


Improvise on one of the following:
(i) contentment
(ii) playfulness
(iii) anger




# Straitéisí oideolaíocha: Tobchumadh

Roghnaigh ceann amháin de na trialacha neamhullmhaithe seo agus fiafraigh cé na gníomhaíochtaí a chabhródh leo

Roinn gníomhaíocht amháin eile a chabhraigh le tobchumadóireacht i do sheomra ranga



Stráitéis Oideolaíochta le haghaidh LÉIRITHE sa Seomra Ranga

Tobchumadóireacht

Is é a bhíonn i gceist le tobchumadóireacht cruthaitheacht agus samhlaíocht na scoláirí a chothú agus scafláil chuí a chur ar fáil agus iad ag baint triail as rudaí agus ag forbairt na scile ceoil seo. Baineann tobchumadóireacht le cruthú ceoil spontáineach, a bhíonn bunaithe go minic ar, nó á spreagadh ag smaoineamh ceoil atá ann cheana féin, mar shampla blúire séiseach, rithimeach nó armónach. Seo straitéis le breithniú má bhíonn tú ag plé le tobchumadóireacht sa seomra ceoil.

1. **Tobchumadóireacht Shéiseach** Is é atá i gceist leis seo séis nua a chruthú agus a chasadh go spontáineach bunaithe ar shéis ar leith. Tógtar ar an tséis áirithe sin trína chruthanna, móitífeanna, rithimí agus/nó armóin intuigthe a úsáid chun fhorbairt cheolmhar a dhéanamh ar do shéis nua.

Gníomhaíochtaí Féideartha
- A bheith ag canadh (solfa/ainm nóta) chun an chluas inmheánach a fhorbairt
- Tosú le nóta amháin, ansin dhá nóta, ansin trí nóta agus mar sin de
- Tógáil air a fhad le scála peinteatonach, mórscála / mionscála, scálaí gorma
- Móitífeanna ón tséis bhunaidh a chur in oiriúint trí nótaí pasála agus nótaí cúnta a chur léi nó a bhaint di
- Straitéis mhacallach a úsáid trí rif athsheinnte is féidir a chanadh agus / nó a sheinm ag cur le líon na mbarraí de réir mar a éiríonn scoláirí níos muiníní

Sampla

Glao — Freagairt

2. **Tobchumadóireacht Rithimeach** is é sin rithim nua a chruthú agus a chasadh go spontáineach bunaithe ar rithim ar leith


Gníomhaíochtaí Féideartha
- Patrúin rithimeacha choitianta a chleachtadh in am a 2 agus a 3 agus iad a mheascadh chun patrúin nua a chruthú
- Focail agus as frásaí a úsáid chun patrúin rithime a chruthú m.sh. bia, deochanna, ainmhithe, abairtí simplí, filíocht, siollaí raiméise
- Tosú le leathlán amháin, ansin dhá leathnóta in aghaidh an bharra agus de réir a chéile croisíní, camáin agus croisín-camán poncaithe a chur isteach
- Straitéis mhacallach a úsáid trí rithim athsheinnte is féidir a thapáil nó a sheinm ag tógáil ar líon na mbarraí de réir mar a éiríonn na scoláirí níos muiníní

Sampla

Glao — Freagairt

24 Oide.ie

Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí / Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



Straitéisí léirithe ar leanúint

3. **Seiftiú Armónach** is ionann sin agus séis a chruthú agus a chasadh go spontáineach bunaithe ar réimniú corda agus ar amchomhartha ar leith trí úsáid a bhaint as nótaí corda agus/nó as nótaí neamh-armóin a thagraíonn don réimniú corda ar leith

Gníomhaíochtaí Féideartha
- Fréamh, an 3ú agus an cúigiú nóta de chorda roghnaithe a sheinm agus go leor patrúin éagsúla a chruthú ag baint úsáid as na trí nóta sin
- Cumadh ar réimniú dhá chorda ar dtús ag baint úsáid as an bhfréamh léi féin, ansin an fhréamh agus an 3ú nóta, ansin nótaí corda amháin, ansin nótaí corda & garnótaí
- Chun cruth séiseach níos fearr a fháil agus léimeanna leathana gan ghá a sheachaint déan iarracht bogadh go dtí an nóta is gaire den chéad athrú corda eile***
- Cleachtadh a dhéanamh ar phatrúin shéiseacha, ag úsáid nótaí pasála agus/nó nótaí cúnta is féidir a úsáid ar chorda ar bith m.sh.121, 323, 3215
- Smaoineamh ar na patrúin sin a fhorbairt tuilleadh ina bpatrún seicheamhach
- Cleachtadh a dhéanamh ar réimniú cordaí coitianta m.sh.,

I | I V I | I IV V I | I V vi IV | ii V7 I

Sampla

Déan cinneadh faoin ionstraim/guth a úsáidfidh tú chun tobchumadh a dhéanamh ar an réimniú 2-chorda seo. Cuir isteach an eochair agus an gléaschomhartha atá ar iarraidh. Bain triail as na céimeanna thuas. Go n-éirí leat!


G C Piano

4. **Tobchumadóireacht ar ghiúmar áirithe** is ionann sin agus píosa ceoil a chruthú agus a chasadh go spontáineach bunaithe ar ghiúmar ar leith. Ba cheart go gcruthódh agus/nó go léireodh na roghanna ceoil a dhéantar sa chumadh an giúmar ar leith sin

Gníomhaíochtaí Féideartha
- A shocrú cé na comhábhair/eilimintí ceoil is féidir a úsáid chun giúmar a léiriú m.sh., chun giúmar síochánta a chruthú, d'fhéadfá mórghléas a úsáid mar aon le luas mall, agus cruthanna séiseacha a théann ó ard go híseal .
- Giúmar a roghnú go randamach agus tobchumadh a dhéanamh air. Taifead a dhéanamh ar do thobchumadh agus éisteacht leis. Breithniú cad é a d'oibrigh go maith agus cad é a d'fhéadfaí a fheabhsú.
- Iris tobchumadóireachta a choimeád de chruthanna séiseacha, patrúin rithimeacha, seichimh chorda, bealaí chun mothúcháin a chruthú agus aon smaointe eile a chabhróidh le do stíl tobchumadóireachta féin a fhorbairt

25 Oide.ie

Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí / Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# Ag foghlaim le chéile…


Oide


- cuirfimid lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus an scil a bhaineann le taibhiú nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- déanfaimid iniúchadh breise ar an bhfoghlaim a tharlaíonn le linn an tseisiúin phraiticiúil agus na straitéise oideolaíochta: tobchumadh trí thaibhiú
- beidh muid ag tobchumadh trí nádúr comhtháite na héisteachta, na cumadóireachta agus an taibhléirithe


# Bímis ag Tobchumadh

Cliceáil ar rothaí na tobchumadóireachta idirghníomhaí chun giúmar agus gné cheoil a roghnú go randamach agus tobchumadóireacht a dhéanamh orthu!


Agus tú ag plé leis an taca seo, smaoinigh ar an gcaoi a bhfuil nádúr comhtháite na cumadóireachta, na héisteachta agus an taibhléirithe ina dhlúthchuid den fhoghlaim seo



Oide



# PLÉIMIS

Ag machnamh ar ár gcomhráite go léir, cén gníomh amháin ón seisiún seo a d'fhéadfá a dhéanamh ar fhilleadh ar scoil duit?

lch. 31

CEOL
Nádúr Comhtháite Fhoghlaim an Cheoil


Leabhrán Foghlama Gairmiúla
2023-2024

# Nádúr na Foghlama

Oide

Ag machnamh ar na comhráite uilig a bhí againn inniu, tabhair sampla amháin den áit ar féidir teacht ar gach ceann de phrionsabail Chreat Foghlama an ECFE (an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta) i nádúr comhtháite foghlama an cheoil

- Naisc chothrománacha a thógáil
- Nádúr sóisialta na foghlama
- Difríochtaí aonair a aithint
- Foghlaimeoirí sa chroílár
- Gach foghlaimeoir a fhorbairt
- Measúnú chun foghlama
- Tá mothúcháin lárnach san fhoghlaim


Oide
lch.32
CEOL
Nádúr Comhtháite Fhoghlaim an Cheoil
Leabhrán Foghlama Gairmiúla
2023-2024

…The Nature of Learning, Using Research to Inspire Practice, OECD, lgh.6-7

# Ag foghlaim le chéile…

- chuireamar lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas agus na scileanna a bhaineann le héisteacht, cumadóireacht agus taibhiú nasctha ar fud chontanam an oideachais cheoil ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na meánscoile
- d'fhiosraíomar straitéisí oideolaíocha chun cabhrú tuilleadh leis na scileanna éisteachta, cumadóireachta agus taibhithe sa seomra ceoil
- d'fhiosraíomar conas a chuireann nádúr comhtháite na héisteachta, na cumadóireachta agus an taibhléirithe le forbairt an cheoltóra iomláin

Oide www.registration.oide.ie Feedback

1.

Oide

Oide Junior Cycle Registration

Registration support: registrationsupport@oide.ie

Please select a category:

Cluster Workshop

2.

3.

Proceed to Form

Components marked with an asterisk require a response.

Please identify your school:*

--

Please identify your subject:*

--

Please enter the date of your sitting:*

dd/mm/yyyy

How did you find Session 1?*

| Very Helpful | Helpful | Not at all helpful |
|---|---|---|

How did you find Session 2 (if applicable)?*

| Very Helpful | Helpful | Not at all helpful |
|---|---|---|

How did you find Session 3?*

| Very Helpful | Helpful | Not at all helpful |
|---|---|---|

What are the key messages you have taken from the day?

What are the areas (if any) that you feel you need more support with?

If you have any add... welcome your feedback.

4. Líon agus Cuir Isteach

Cancel Submit

# Uimhir an tSuí:

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Go raibh maith agaibh as bhur rannpháirtíocht!

Eispéiris um Fhoghlaim Ghairmiúil

2023 –2024

CC BY NC